2026/1861

27.7.2026

TREOIRLÍNE (AE) 2026/1861 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 15 Iúil 2026

maidir le saoráid leachtachta an Eurochórais do bhainc cheannais nach bhfuil sa limistéar euro (BCE/2026/17)

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'an Conradh' anseo feasta), agus go háirithe Airteagal 127(1), an chéad abairt, agus Airteagal 127(2), an chéad fhleasc, de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus go háirithe Airteagal 2, an chéad abairt, Airteagal 3.1, an chéad fhleasc, Airteagal 12.1, Airteagal 14.3 agus Airteagail 23 de;

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 23 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (dá ngairtear 'Reacht CEBC' anseo feasta), féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach (BCE), agus bainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu (dá ngairtear 'BCNanna' anseo feasta), i measc nithe eile, caidreamh a bhunú le bainc cheannais agus le hinstitiúidí airgeadais i dtíortha eile agus, i gcás inarb iomchuí, le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

(2) Tagann deonú línte leachtachta euro do bhainc cheannais nach bhfuil sa limistéar euro agus d'údaráis airgeadaíochta choibhéiseacha (dá ngairtear 'bainc cheannais eachtracha' anseo feasta) faoi chúram bunúsach an Eurochórais beartas airgeadaíochta an Aontais a leagtar síos in Airteagal 127(2) den Chonradh agus in Airteagal 3.1 de Reacht CEBC a shainiú agus a chur chun feidhme agus fónann sé do phríomhchuspóir an Eurochórais cobhsaíocht praghsanna a choinneáil ar bun faoi Airteagal 127(1) den Chonradh agus faoi Airteagal 2 de Reacht CEBC.

(3) Go háirithe, is ionstraim beartais airgeadaíochta é leachtacht euro a chur ar fáil do bhainc cheannais eachtracha faoi shaoráid leachtachta an Eurochórais do bhainc cheannais nach bhfuil sa limistéar euro (ar a dtugtar EUREP freisin) a chuidíonn freisin le tarchur rianúil an bheartais airgeadaíochta trí fhorbairtí díobhálacha i margaí cistiúcháin atá ainmnithe in euro lasmuigh den limistéar euro a mhaolú, eadhon trí shrian a chur leis na héifeachtaí iarmharta diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag teannas den sórt sin ar dhálaí mhargadh airgeadais an limistéir euro. Ba cheart do phraghsáil EUREP a ról mar shaoráid chúlstop a léiriú agus ba cheart í a dhearadh chun filleadh ar shocruithe cistiúcháin margadhbhunaithe a spreagadh a luaithe a dhéanfar na dálaí a normalú.

(4) An 14 Feabhra 2026, chinn an Chomhairle Rialaithe EUREP a fheabhsú chun é a dhéanamh níos éifeachtaí chun tacú le tarchur rianúil bheartas airgeadaíochta an limistéir euro. Chuige sin, ba cheart an creat a thabhairt cothrom le dáta chun rochtain uilíoch a thabhairt isteach, i bprionsabal, do gach banc ceannais eachtrach, faoi réir na rialuithe riosca iomchuí agus an chomhlíonta dhlíthiúil.

(5) Níor cheart an tEurochóras a nochtadh do rioscaí díréireacha trí leachtacht euro a chur ar fáil faoi EUREP. Chun an tEurochóras a chosaint ar rioscaí airgeadais agus neamhairgeadais, níor cheart leachtacht a chur ar fáil faoi EUREP ach amháin i gcoinne comhthaobhachta arna hainmniú in euro atá ar cháilíocht an-ard, agus faoi réir rialuithe riosca agus coimircí iomchuí.

(6) Ní mór don Eurochóras bearta sriantacha an Aontais agus rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le smachtbhannaí a chomhlíonadh. Ina theannta sin, cuireann an tEurochóras san áireamh reachtaíocht an Aontais maidir le sciúradh airgid a chosc (AML) agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac (CFT). Ní mór do BCNanna reachtaíocht náisiúnta maidir le AML agus CFT, agus maidir le bearta sriantacha, a chomhlíonadh freisin, a mhéid is infheidhme maidir leo. Dá bhrí sin, níor cheart rochtain ar EUREP a sholáthar ach amháin a mhéid (i) is féidir le BCNanna agus BCE leanúint de bheith ag comhlíonadh na reachtaíochta agus na mbeart sin, agus (ii) go bhfuil an banc ceannais eachtrach faoi réir measúnú dearfach faoi na híoschaighdeáin chomhchuibhithe AML agus CFT a mheasann an tEurochóras a bheith iomchuí do EUREP.

(7) A mhéid a mheastar é a bheith indéanta agus iomchuí, agus d'fhonn éifeachtúlacht oibríochtúil a áirithiú, téann BCE i dtuilleamaí BCNanna chun na hoibríochtaí is cuid de chúraimí an Eurochórais a chur i gcrích de bhun phrionsabal an díláraithe a leagtar síos in Airteagal 12.1 de Reacht CEBC agus faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 14.3 de Reacht CEBC. Dá bhrí sin, ba cheart tacú le rochtain ag BCNanna ar sholáthar leachtachta faoi EUREP le doiciméadacht chonarthach a dhéantar idir an banc ceannais eachtrach ábhartha agus an BCN a sholáthraíonn leachtacht den sórt sin. Ba cheart go léireodh doiciméadacht den sórt sin ceanglais oibríochtúla

an Eurochórais le haghaidh EUREP agus ba cheart go sonrófaí inti imthosca ina ndéantar rochtain ag bainc cheannais eachtracha a eisiamh, a chur ar fionraí nó a theorannú, lena n-áirítear mar thoradh ar rialuithe riosca agus chun comhlíonadh dlíthiúil a áirithiú. Ba cheart go gceanglófaí leis an doiciméadacht chonarthach freisin ar an FCB ábhartha an fhaisnéis ábhartha is gá a sholáthar don Eurochóras arna iarraidh sin dó chun go gcomhlíonfaidh an tEurochóras a chúraimí agus go mbainfidh sé a chuspóirí amach i ndáil le EUREP.

(8) Ba cheart rogha a bheith ag an gComhairle Rialaithe paraiméadair EUREP a athrú má mheasann sí gur gá sin chun cuspóirí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais a chomhlíonadh agus chun comhréireacht a áirithiú maidir le EUREP a úsáid,

TAR ÉIS AN TREOIRLÍNE SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leagtar amach sa Treoirlíne seo rialacha agus paraiméadair maidir le hoibriú shaoráid leachtachta an Eurochórais le haghaidh bainc cheannais nach bhfuil sa limistéar euro (ar a dtugtar EUREP freisin) faoina soláthraíonn an tEurochóras leachtacht euro do bhainc cheannais nach bhfuil sa limistéar euro agus d'údaráis airgeadaíochta choibhéiseacha (dá ngairtear le chéile 'bainc cheannais eachtracha' anseo feasta).

2. Bunófar an caidreamh dlíthiúil idir an tEurochóras agus na bainc cheannais eachtracha aonaracha dá soláthraítear leachtacht euro faoi EUREP i socruithe conarthacha iomchuí lena gcuirtear forálacha na Treoirlíne seo chun feidhme agus déanfar é idir na bainc cheannais eachtracha aonaracha agus bainc cheannais náisiúnta ábhartha na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu (dá ngairtear 'BCNanna' anseo feasta) agus cuirfidh na BCNanna ábhartha i bhfeidhm é.

Airteagal 2

Línte leachtachta euro a dheonú do bhainc ceannais eachtracha

1. Féadfaidh BCN líne leachtachta euro a dheonú faoi EUREP do bhanc ceannais eachtrach i gcás ina bhfuil feidhm ag gach ceann de na nithe seo a leanas:

(a) is féidir le BCN agus BCE leanúint de bheith i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais maidir le bearta sriantacha agus le rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le smachtbhannaí;

(b) tá an banc ceannais eachtrach faoi réir measúnú dearfach faoi na híoschaighdeáin chomhchuibhithe AML agus CFT arna mbunú ag an Eurochóras le haghaidh EUREP agus comhlíonann sé aon cheanglais ghaolmhara a léirítear sna socruithe conarthacha atá le déanamh idir an banc ceannais eachtrach agus an BCN ábhartha;

(c) comhlíonann an banc ceannais eachtrach na ceanglais oibríochtúla a mheasann an tEurochóras a bheith iomchuí, lena n-áirítear iad siúd a léirítear sna socruithe conarthacha atá le déanamh idir an banc ceannais eachtrach agus an BCN ábhartha;

(d) comhlíonann an banc ceannais eachtrach gach socrú conarthach eile atá déanta aige leis an BCN ábhartha de bhun na Treoirlíne seo.

2. Féadfar rochtain ag banc ceannais eachtrach ar líne leachtachta euro faoi EUREP a eisiamh, a chur ar fionraí, a theorannú nó a bheith faoi réir coinníollacha breise i gcás nach gcomhlíonann an banc ceannais eachtrach aon cheann de na coinníollacha a shonraítear i mír 1 nó ar shlí eile má mheasann an tEurochóras gur gá sin, lena n-áirítear chun críoch bainistíochta riosca.

3. Féadfaidh an tEurochóras aon fhaisnéis ábhartha a iarraidh ar bhainc cheannais eachtracha a mheasann sé a bheith riachtanach d'fheidhmiú cuí EUREP.

Airteagal 3

Incháilitheacht na comhthaobhachta le haghaidh EUREP

1. Sócmhainní indíolta mar a shainmhínítear in Airteagal 2(59) de Threoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2014/60) ([1]) (seachas bannaí faoi chumhdach, agus chun amhras a sheachaint, multi cédulas mar a shainmhínítear in Airteagal 2(62) den Treoirlíne sin) atá incháilithe mar chomhthaobhacht le haghaidh oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais faoin Treoirlíne sin, beidh siad incháilithe mar chomhthaobhacht le haghaidh EUREP ar choinníoll go gcomhlíonann siad, ina theannta sin, na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) ainmnítear in euro iad;

(b) leithdháiltear iad ar chatagóirí caolchorrlaigh I nó II i gcomhréir le Treoirlíne (AE) 2016/65 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2015/35) ([2]);

(c) eisíonn aon cheann díobh seo a leanas iad: (i) rialtais láir, áitiúla agus réigiúnacha sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch: (ii) gníomhaireachtaí atá aitheanta ag an Eurochóras agus a chomhlíonann na critéir chainníochtúla atá leagtha amach in Iarscríbhinn XIIa a ghabhann le Treoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60); (iii) an tAontas Eorpach; (iv) aon bhainc forbartha iltaobhacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile atá aitheanta ag an Eurochóras.

2. D'ainneoin go bhfuil sócmhainn incháilithe ar shlí eile mar chomhthaobhacht le haghaidh EUREP de bhun mhír 1, ní shlógfaidh an banc ceannais eachtrach an tsócmhainn sin mar chomhthaobhacht le haghaidh EUREP más é an rialtas láir nó rialtas áitiúil nó réigiúnach sa dlínse ina bhfuil an banc ceannais eachtrach sin bunaithe a eisíonn í.

3. Cuirfidh an BCN ábhartha an méid seo a leanas i bhfeidhm maidir leis an gcomhthaobhacht uile atá incháilithe do EUREP:

(a) caolchorrlaigh luachála mar atá leagtha síos i dTreoirlíne (AE) 2016/65 (BCE/2015/35), mura gcinnfidh an Chomhairle Rialaithe a mhalairt;

(b) luacháil laethúil agus glaonna ar éarlais i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos in Airteagail 134 agus 136(2) de Threoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60) agus Airteagal 11 de Threoirlíne (AE) 2024/3129 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/22) ([3]), ach amháin go ndéanfaidh BCN cuntas airgid thirim an bhainc cheannais eachtraigh a chur chun dochair in ionad príomhchuntas airgid a chur chun dochair.

4. Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe, tráth ar bith, ceanglais bhreise a bhunú is infheidhme maidir le comhthaobhacht incháilithe arna soláthar do EUREP, má mheastar gur gá sin chun cuspóirí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais a bhaint amach nó chun críocha bainistíochta riosca.

5. Ceanglóidh BCNanna ar bhainc cheannais eachtracha a léiriú agus a bharántú go mbeidh an chomhthaobhacht incháilithe uile a sholáthraítear nó a úsáidtear le haghaidh EUREP go hiomlán inaistrithe agus go mbeifear in ann í a shlógadh gan srian, agus go mbeifear in ann í a réadú gan srian ar mhaithe leis an Eurochóras. Ceanglófar ar bhanc ceannais eachtrach an BCN ábhartha a chúiteamh i gcás ina mainníonn comhthaobhacht incháilithe a sholáthraítear nó a úsáidtear na ceanglais sin maidir le slógadh agus réadú a chomhlíonadh.

Airteagal 4

Paraiméadair oibríochtúla EUREP

1. Beidh feidhm ag na paraiméadair oibríochtúla seo a leanas maidir le EUREP:

(a) socrófar an phraghsáil ag ráta na bpríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, móide raon difríochta arna chinneadh ó am go ham ag an gComhairle Rialaithe, bunaithe ar bhreithnithe beartais airgeadaíochta;

(b) ní rachaidh aibíocht uasta idirbhirt aonair thar sheachtain amháin agus féadfar í a athnuachan ar chomhaontú;

([1]) Treoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Nollaig 2014 maidir le creat beartais airgeadaíochta an Eurochórais a chur chun feidhme (Treoirlíne maidir le Doiciméadacht Ghinearálta) (BCE/2014/60) (IO L 91, 2.4.2015, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/guideline/2015/510/oj).

([2]) Treoirlíne (AE) 2016/65 ón mBanc Ceannais Eorpach an 18 Samhain 2015 maidir leis na caolchorrlaigh luachála a chuirtear i bhfeidhm i gcur chun feidhme chreat bheartas airgeadaíochta an Eurochórais (BCE/2015/35) (IO L 14, 21.1.2016, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/guideline/2016/65/oj).

([3]) Treoirlíne (AE) 2024/3129 ón mBanc Ceannais Eorpach an 13 Lúnasa 2024 maidir le bainistiú comhthaobhachta in oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais (BCE/2024/22) (IO L 2024/3129, 20.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/guideline/2024/3129/oj).

(c) ní rachaidh uasmhéid na líne leachtachta euro is féidir a fháil ar iasacht thar EUR 50 billiún le haghaidh bainc cheannais eachtraigh aonair;

(d) is é EUR 10 milliún a bheidh in íosmhéid na n-idirbheart.

2. Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe na paraiméadair oibríochtúla is infheidhme maidir le EUREP a athrú tráth ar bith má mheastar gur gá sin chun cuspóirí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais a bhaint amach nó chun críoch bainistíochta riosca.

Airteagal 5

Ról an BCE

Comhordóidh BCE cur chun feidhme EUREP ag an Eurochóras agus féadfaidh sé, chun na críche sin, sonraíochtaí teicniúla inmheánacha a bhunú.

Airteagal 6

Teacht in éifeacht agus cur chun feidhme

Tiocfaidh an Treoirlíne seo in éifeacht ar an lá a dtabharfar fógra faoi do bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

Airteagal 7

Seolaithe

Dírítear an Treoirlíne seo ar bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 15 Iúil 2026.

Thar ceann Chomhairle Rialaithe BCE
Uachtarán BCE
Christine LAGARDE